



THE HEALTH  
INSURANCE  
AUTHORITY

Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais '04

## An tÚdarás Árachas Sláinte

Teach na Canála, Bóthar na Canála, Baile Átha Cliath 6

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost: [info@hia.ie](mailto:info@hia.ie)

Gréasán: [www.hia.ie](http://www.hia.ie)



Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais '04



## Clár

1. Ráiteas Cathaoirligh	4
2. Comhaltaí agus Foireann an Údaráis	6
3. Feidhmeanna an Údaráis	8
4. Acmhainní	9
5. Straitéis	10
6. Gnóthais Sochair Sláinte a Chlárú	11
7. Rialú Corparáideach	12
8. Leasa Tomhaltóirí	14
9. Ceisteanna Táirge	16
10. Cothromú Fiontair	17
11. Grádú Pobail	22
12. Ceisteanna Iomaíochta	22
13. Sochair Íosta	23
14. Caidreamh le Páirtithe Leasmhara	24
15. Taighde Coimisiúnaithe	24
16. Iarrthóirí Nua	25
17. Timpeallacht Polasaithe	26
18. Tuarascáil agus Cuntais	31
<b>Aguisín A</b> “Staitisticí Bainteacha le Margadh Árachas Sláinte Priobháideach in Éirinn”	43
<b>Aguisín B</b> “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte”	44

## 1. Ráiteas Cathaoirligh

De réir Alt 33(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994 tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Árachas Sláinte (“an tÚdarás”) a chur i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2004.

Bliain ghnóthach a bhí ann don Údarás. Bhí ar an Údarás, i ndiaidh tabhairt isteach na Scéime Cothromú Fiontair (SCF) 2003, bhí air den chéad uair moltaí a dhéanamh don Aire Sláinte agus Leanaí ag baint le cé acu ba chóir tús a chur le híocaíochtaí SCF nó nár chóir. Fuair an tÚdarás na tuairisceáin don tréimhse 1 Iúil, 2003 go dtí 31 Nollaig, 2003 in Eanáir, 2004 agus rinneadh measúnú orthu ag a chruinniú go luath i mí an Mhárta. Eisíodh moladh deiridh don Aire Sláinte agus Leanaí ar 28 Aibreán, 2004, i ndiaidh machnamh ar aighneachtaí ó ghnóthais chláraithe árachais. Fuair an tÚdarás an dara tacar de thuairisceáin don tréimhse 1 Eanáir, 2004 go dtí 30 Meitheamh, 2004, i mí Iúil, 2004 agus machnamh déanta ag a chomhaltaí ag a chruinniú i Meán Fómhair. I ndiaidh aighneachtaí ó ghnóthais chláraithe eisíodh an dara moladh ag an Aire ar 27 Deireadh Fómhair, 2004.

Sa dá thacar sonraí luigh dáileadh fiontair i measc na ngnóthas, mar atá tomhaiste de réir chéatadán comhionannaithe an mhargaidh (MCC), idir an dá thairseach 2% agus 10% ag a mbíonn ar an Údarás, de réir reachtaíochta, le moladh a thabhairt don Aire. Ba é 3.7% luach MCC i mí Eanáir agus 3.5% i mí Iúil. Cé gurb é an MCC an tomhas sonraithe san Acht, agus fios faoin ngá le grádú pobail a chothabháil agus iomaíocht idir gnóthais a éascú, cuireann an tÚdarás roinnt mhaith tosca eile san aireamh a théann i bhfeidhm ar na leasa is fearr do thomhaltóirí árachas sláinte. I ndiaidh comhairle neamhspleách a ghlacadh ónár gcomhairleoirí achtúireacha, machnamh cuí a dhéanamh ar ár dtuairiscí coimisiúnaithe go speisialta ar tuairimí tomhaltóirí agus ar iomaíocht, ar chomharliúcháin, ar aighneachtaí agus ar mhionchothromú tosca a bhí in iomaíocht uaireanta, mhol an tÚdarás don Aire gach uair nár chóir tús a chur le híocaíochtaí SCF. Tá réasúnaíocht do na cinntí seo leagtha amach níos móille sa tuarascáil seo.

Ba shuntasach an bhliain i 2004, leis, toisc teacht isteach comhlachta nua, VIVAS Health, chuig an margadh árachas leighis príobháideach, le roinnt cineálacha táirgí ar tairiscint. Chomh maith le hÚdarás Rialúcháin Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann, bhí an tÚdarás gníomhach i gcaibidliocht fhorleathan le VIVAS Health roimh theacht isteach dóibh. Lainseáil BUPA Ireland agus Vhi Healthcare táirgí nua. Scrúdaigh an tÚdarás gach ceann de na táirgí seo le cinntiú gur chomhlíon siad riachtanais na reachtaíochta.

Bhí an tÚdarás gnóthach freisin ina ról chun leasa tomhaltóirí a chosaint. Cuireadh tús le feachtas faisnéis tomhaltóra ar pháipéir nuachtáin náisiúnta ag deireadh 2004 chun cúnaimh le tuiscint a fháil ar na táirgí éagsúla ar tairiscint ó na trí príomh-árachóirí mar aon le comparáid a dhéanamh orthu a éascú.

Mar fhocal scoir, ba é 2004 an bhliain nuair a tháinig borradh faoi chlú an Údaráis sa phobal, ag tógáil ar ár ndúshraitheanna daingne a bunaíodh sa bhliain roimhe. Is iomaí éileamh a cuireadh ar Chomhaltaí an Údaráis i dtaca le líon na gcruinnithe agus méid agus cástacht doiciméad ar a ndearnadh siad staidéar. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo uile as a dtacaíocht agus a ngealltanas i dtaca le próiseas cinnteoireachta SCF. Chonaiceamar athrú Airí i 2004 agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Uasal Mícheál Ó Máirtín T.D. agus Mary Harney T.D. agus le feidhmeannaigh ina Roinn chomh maith, as a dtacaíocht le linn na bliana. Sa deireadh, táim cinnte gur mhaith le Comhaltaí an Údaráis tacú liom le buíochas a ghabháil le Phríomh-Fheidhmeannach/ Cláraitheoir an Údaráis, an tUasal Dermot Ryan, agus a fhoireann bheag dhíograiseach, as an ollméid oibre a rinne siad ar ár son le linn na bliana.



**An tOllamh Alastair Wood**

*Cathaoirleach*

14 Meitheamh, 2005

## 2. Comhaltaí agus Foireann an Údaráis



**An tOllamh Alastair Wood** (*Cathaoirleach*)

*Ollamh Emeritus le Matamaitic Fheidhmeach Comhalta  
Oinigh de chuid an Chumann Achtúirí in Éirinn*

Ainmnithe agus ceaptha ag an Uasal Mícheál Ó Máirtín T.D.,  
Aire Sláinte agus Leanaí i ndiaidh comhairliúcháin le heagraíochtaí  
ionadaíocha bainteacha.



**An Iníon Mary Doyle**

*Sainchomhairleoir Eacnamaíochta agus Gnó*

Ainmnithe agus ceaptha ag an Uasal Mícheál Ó Máirtín T.D.,  
Aire Sláinte agus Leanaí.



**An tUasal Tom Greene**

*Cuntasóir*

Ainmnithe ag Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí,  
agus ceaptha ag an Uasal Mícheál Ó Máirtín T.D.,  
Aire Sláinte agus Leanaí.



**An Iníon Anne Maher**

*Príomh-Fheidhmeannach, An Bord Pinsean*

Ainmnithe agus ceaptha ag an Uasal Mícheál Ó Máirtín T.D.,  
Aire Sláinte agus Leanaí.



**An tUasal Aidan O'Donnell**

*Príomh-Achtúire, Hartford Life Comhalta  
de chuid an Chumann Achtúirí in Éirinn*

Ainmnithe ag Cónascadh Árachais Éireannach agus ceaptha  
ag an tUasal Mícheál Ó Máirtín T.D., Aire Sláinte agus Leanaí.



## Bainistíocht

Is é a leanas foireann bhainistíochta an Údaráis:



**An tUasal Dermot Ryan**  
*Príomh-Fheidhmeannach/Cláraitheoir*



**An Iníon Imelda Gallagher**  
*Bainisteoir Cúrsaí Corparáideacha/Rúnaí don Údarás*



**An tUasal Liam Sloyan**  
*Ceannaire Seirbhísí Comhlíonta*



**An tUasal Brian Turner**  
*Ceannaire Taighde/Seirbhísí Teicniúla*



Tá oifigí an tÚdarás Árachas Sláinte suite ag:  
Teach na Canála, Bóthar na Canála, Baile Átha Cliath 6.

Teil: (01) 406 0080  
Facs: (01) 406 0081  
Ríomhphost: [info@hia.ie](mailto:info@hia.ie)  
Gréasán: [www.hia.ie](http://www.hia.ie)

### 3. Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás ar 1 Feabhra, 2001 faoi Ordú na nAirí<sup>1</sup> faoin Acht Árachas Sláinte, 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an achta seo, an tAcht Árachas Sláinte (Leasú) 2001 agus an tAcht Árachas Sláinte (Leasú) 2003 (“Achtanna Árachas Sláinte”). Forálann an reachtaíocht le haghaidh feidhmiú agus rialú gnó árachas sláinte príobháideach in Éirinn.

Leagann an tAontas Eorpach “An Tríú Treoir Árachas Neamh-Shaoil” (“An Treoir”)<sup>2</sup> amach na riachtanais i gcóir margaidh inmheánaigh do Bhallstáit maidir le hárachas neamh-shaoil, árachas sláinte san áireamh. Ligeann an reachtaíocht Eorpach seo do Bhallstáit aonair glacadh le riachtanais ar leith ar an dóigh a bhfóireann dá gcóras dleathach náisiúnta féin agus dá gcóras náisiúnta cúram sláinte. Rinneadh an Treoir a mhalartú isteach go dlí na hÉireann trí achtú Achtanna Árachas Sláinte a chumhdaíonn na trí prionsabail d’árachas sláinte príobháideach, eadhon, grádú pobail, rollú oscailte agus cumhdach ar feadh an tsaoil.

Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis mar a shocraítear leis na hAchtanna Árachas Sláinte:

1. tuairisceáin a tugadh dó faoi rialacháin cothromú fiontair a tugadh isteach a mheas agus a scagadh agus tuairisc a ullmhú agus a thabhairt don Aire maidir le:
  - (a) an mheastóireacht agus an scagadh seo, agus
  - (b) ábhair a bhaineann le gnó árachas sláinte a dhéanamh agus imeachtaí i dtaca le hárachas sláinte go ginearálta a cheapann an tÚdarás ba chóir a chur sa tuairisc de bharr na meastóireachta agus an scagtha;
2. a ról a chomhlíonadh (cur síos mion déanta in alt 10) maidir le cinneadh an Aire ar cé acu ba chóir tús a chur le cothromú fiontair nó nár chóir;
3. má chuirtear tús le cothromú fiontair chun an próiseas a bhainistiú agus a riaradh agus an ciste cothromú fiontair a chothabháil agus tuarascáil bhliantúil a thabhairt don Aire ag déanamh measúnaithe ar fheidhmiú na scéime do gach tréimhse 12 mhí ina ndéantar íocaíochtaí cothromú fiontar;
4. “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte” a chothabháil;
5. comhairle a chur ar an Aire (ar a n-iarrratas nó as a stuaim féin) ar ábhair a bhaineann:
  - (a) lena fheidhmeanna faoi na hAchtanna Árachas Sláinte;
  - (b) le feidhmeanna an Údaráis féin; agus
  - (c) le hárachas sláinte go ginearálta;
6. monatóireacht a dhéanamh ar:
  - (a) feidhmiú na nAchtanna Árachas Sláinte;
  - (b) gnó árachas sláinte a dhéantar i reachtaíocht; agus
  - (c) imeachtaí árachas sláinte go ginearálta.

Tá an tÚdarás cumhachtaithe chun an chumhacht sin a chleachtadh de réir mar is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Is féidir leis an Aire tuilleadh freagrachtaí a shannadh don Údarás mar a socraíodh leis na hAchtanna Árachas Sláinte.

Leanann an tÚdarás leis ag iarraidh a ról a fhorbairt agus a chomhlíonadh sa dóigh go dtig leis an tseirbhís iomlán is fearr a sholáthar don tomhaltóir.

<sup>1</sup> An tAcht Árachas Sláinte, 1994 (An Lá Bunaithe), Ordú 2001. (S.I. Gh. 40 de 2001).

<sup>2</sup> Treoir na Comhairle 92/49/CEE 18 Meitheamh, 1992 ar chomhordú dlíthe, rialacha agus forálacha riarachán ag baint le hárachas díreach seachas árachas saoil agus Treoir 73/239/CEE agus 88/357/CEE (an tríú Treoir árachas neamh-shaoil) a leasú. (OJ L 228, 11.8.1992, lch.1).

## 4. Acmhainní

### Foireann

Tá foireann de naonúr ag an Údarás. Tá baill na foirne geallta do sheirbhís ghairmiúil a sholáthar don phobal agus don tionscal.

### Maoiniú

Maoinítear oibríochtaí an Údaráis a trí thobhach a ghearrtar ar ghnóthais cláraithe, de réir Alt 17 den Acht Árachas Sláinte, 1994.<sup>3</sup> Is é gnóthas cláraithe an téarma a thugtar ar árachóir sláinte a dhéanann gnó árachas sláinte in Éirinn. Chun an gnó seo a dhéanamh, caithfidh an t-árachóir bheith cláraithe ar “An Clár Gnóthas Sochair Sláinte” a chothabhálann an tÚdarás. Is iad na rialacháin tobhaigh a thug an tAire isteach in 2001 a leagann síos an méid atá le híoc de réir 0.14% d’ioncam, atá le híoc ar bhonn ráithiúil. Tá oibleagáid ar ghnóthais chláráithe sonraí ar ioncam préimhe agus ar líon daoine árachaithe ina scéim a chur isteach. Tugtar mionsonraí ar ioncam agus ar staitisticí ar an margadh árachas sláinte in *Aguisín A*. Tá “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte” mar a bhí ag 31 Nollaig, 2004 leagtha amach in *Aguisín B*.



*Comhaltaí agus Foireann an Údaráis ón taobh clé: An tUasal Tom Greene (Cuntasóir), An Iníon Mary Doyle (Sainchomhairleoir Eacnamaíoch agus Gnó), An tOllamh Alastair Wood (Cathaoirleach), An tUasal Aidan O’Donnell (Príomh-Achtúire, Hartford Life) agus An Iníon Anne Maher (Príomh-Fheidhmeannach An Bord Pinsean).*

<sup>3</sup> An tAcht Árachas Sláinte, 1994 (Alt 17) Rialacháin Cánach, 17 (S.I. Gh. 255 de 2001).

## 5. Straitéis

Bunaíodh an tÚdarás mar rialtóir neamhspleách don mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn. Chun a ról seo a chomhlíonadh, d'fhorbair an tÚdarás a phlean oibre chun fis, misean agus luachanna a chur san áireamh.

### Fís an Údaráis

Is é is fís an Údaráis ann ná *“Margadh árachais sláinte iomaíochta a éascú le linn dó grádú pobail, rollú oscailte agus clúdach saoil a chaomhnú le leas gach duine”*.

### Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis:

*A fhís a bhaint amach trí:*

- *monatóireacht agus taighde a dhéanamh ar árachas sláinte go ginearálta;*
- *moladh a dhéanamh ar chur i ngníomh cothromú fiontar, nó a mhalairt, agus ar bhainistiú agus ar rialú scéim ar bith cothromaithe fiontair;*
- *comhairle a chur ar an Aire faoi árachas sláinte go ginearálta*
- *cur i ngníomh rialachán eile bainteach mar atá forordaithe; agus*
- *leasa tomhaltóirí árachas sláinte faoi láthair agus iad amach anseo a chosaint.*

### Luachanna an Údaráis

*Ghlac an tÚdarás luachanna air le cur i bhfeidhm ina ghníomhartha. Is iad luachanna an Údaráis:*

- *a neamhspleáchas a choinneáil;*
- *gníomhú le neamhchlaontacht agus le hionracas i gcónaí;*
- *obair ar dhóigh atá gairmiúil agus éifeachtach;*
- *a dhúshlán uathúla a chomhlíonadh, a bheith oscailte maidir le smaointe nua agus le moltaí ó gach foinse agus a bheith nuálach ina chur chuige*
- *trédhearcacht a choinneáil ina chuid oibre uile; agus*
- *meas a bheith acu ar a ndaoine.*

Cuireann an tÚdarás a fhís, a mhisean agus a luachanna i bhfeidhm chun caighdeán arda agus soláthar seirbhís cáilíochta a choinneáil.

## 6. Gnóthais Sochair Sláinte a Chlárú

Is é ceann amháin d'fhreagrachtaí an Údaráis ná cothabháil "An Clár Gnóthais Sochair Sláinte" ("an Clár"). Socraíodh le hAlt 14 den Acht Árachas Sláinte go gcaithfidh árachóir árachais ar bith, a dhéanann gnó árachas sláinte in Éirinn, clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uaidh. Is gá don árachóir sláinte iarraidh ar an Údarás é a bheith curtha san áireamh ar an gClár ar bhonn bliantúil agus mionsonraí ar scéim árachais sláinte ar bith atá i bhfeidhm a sholáthar don Údarás. Scrúdaíonn an tÚdarás an scéim lena chinntiú go gcomhlíonann sé gach reachtaíocht bhainteach. Eisítear teastas don árachóir sláinte nuair a mheasann an tÚdarás go gcomhlíonann an scéim a bhfuil thuas. Deimhníonn an teastas gur féidir leis an árachóir sláinte árachas sláinte príobháideach a thairiscint de réir théarmaí a rialacha agus é ag comhlíonadh na reachtaíochta baintí. Ní iarrtar táillí chun an teastas seo a bhronnadh. Is gá d'árachóir sláinte a chuir deireadh leis an obair sna 12 mhí roimhe, cur in iúl don Údarás faoi seo agus bainfead an t-árachóir sláinte den Chlár.

Tá dhá chineál árachóirí sláinte ann. Is iad na hárachóirí sláinte na gnóthais tráchtála amhail BUPA Ireland agus Vhi Healthcare agus VIVAS Health ar gá dóibh glacadh le gach tomhaltóir ar mhian leis árachas sláinte príobháideach a fháil (ag brath ar théarmaí agus ar choinníollacha ar leith a chomhlíonadh). Is scéim gairme iad Gnóthais Srianata go príomha, ní bhíonn de bhaill iontu ach fostaithe eagraíochtaí ar leith (ag brath ar théarmaí agus ar choinníollacha ar leith a chomhlíonadh).

Tá na gnóthais atá curtha ar "An Clár Gnóthais Sochair Sláinte" ag 31 Nollaig, 2004 liostaithe in *Aguisín B*.

## 7. Rialú Corparáideach

### Cód Cleachtais

D'ullmhaigh an tÚdarás an "Cód Cleachtais um Rialú an Údaráis Árachas Sláinte" bunaithe ar an "Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit" eisithe ag An Roinn Airgeadais i Márta, 2002. Ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i bpróiseas leanúnach chun gach gnáthamh agus treoirlínte gach rialaithe chorparáidigh chuí a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú de réir treoirlínte agus reachtaíochta baintí.

### Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh agus cuireadh na Cuntais Bhliantúla do 2004 isteach chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ("an AR&CC") le haghaidh iniúchadh. Rinne an oifig iniúchadh ar na Cuntais seo agus cheadaigh an oifig sin iad agus tá siad leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo ag Alt 18.

D'eisigh an AR&CC doiciméid rialaithe chorparáidigh i 2003 ag leagan amach na dtreoirlínte agus caighdeáin le haghaidh cuntais a chur isteach le haghaidh iniúchta. Chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte seo chomh maith.

### Iniúchadh Inmheánach

Comhairleoirí seachtracha a rinne Iniúchadh Inmheánach an Údaráis i ndiaidh gnáthamh tairisceana faoi Shamhain, 2004 a bhaint agus ba iad na Comhaltaí a rinne léirmheas ar an tuairisc. Léirigh an tuairisc go raibh na gnáthaimh agus na meicníochtaí i bhfeidhm ag an Údarás cuí agus sásúil.

### Eitic in Oifig Phoiblí

Cuireadh an tÚdarás san áireamh ar an Sceideal mar gheall ar Achtanna Eitice in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon na Comhaltaí agus gach ball foirne bainteach an Údaráis a n-oibleagáidí de réir na reachtaíochta seo.

### Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an tÚdarás reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla agus bhí sé i dteagmháil leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le comhlíonadh an Údaráis. Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2003 i mBéarla agus i nGaeilge. Tá an tÚdarás ag aistriú doiciméid eile poiblí le haghaidh foilsithe.

### Saoráil Faisnéise

Cuireadh in iúl don Údarás go mbeidh gach comhlacht poiblí faoi réir riachtanas na reachtaíochta Saoráil Faisnéise. Ar ullmhú dóibh leis sin a chomhlíonadh cheap an tÚdarás "Oifigeach Idirchaidrimh Saoráil Faisnéise" a bheidh ag plé go díreach le ceistanna faighte laistigh de na hachar ama leagtha amach sa reachtaíocht. Ceapadh "Cinneadóir Saoráil Faisnéise" chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an phróiseas ar bhonn leanúnach.

Táthar ag súil go mbeidh an tÚdarás san áireamh liosta na gcomhlachtaí poiblí i 2005.

## Straitéis Cumarsáide

D'fhorbair an tÚdarás polasaí cumarsáide atá ag iarraidh tomhaltóirí, páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne eolach ar cheisteanna a bhaineann le árachas sláinte príobháideach In Éirinn. Is é atá sa Straitéis Cumarsáide a rólanna agus freagrachtaí an Údaráis a leagan amach faoin reachtaíocht árachais sláinte agus le cur ar eolas na dtomhaltóirí, agus gnóthais árachas sláinte, comhlachtaí gairmiúla, na páirtithe leasmhara, comhlachtaí tionscail, achtóirí agus soláthróirí cúram sláinte faoi na coincheapa amhail clárú oscailte, clúdach saoil, grádú pobail agus sochair íosta. Ba chóir go mbeadh seo ina chuidiú ag páirtithe bainteacha le tomhaltóirí chun cinntí ar an eolas a dhéanamh faoi árachas sláinte.

Tá ról suntasach ag an Údarás maidir le cothromú fiontair ar ar cuireadh síos go mion sa Tuarascáil Bhliantúil. Rinne an tÚdarás próisis chomhairliúcháin maidir le cothromú fiontar, grádú pobail agus sochair íosta. Bhuail baill foirne le daoine aonair agus grúpaí a rinne aighneachtaí maidir leis na ceisteanna ar leith seo agus ar féidir iad a fheiceáil ar ár líonláithreán. [www.hia.ie](http://www.hia.ie)

Tá beartas oscailteachta, comhairliúcháin agus díospóireachta i bhfeidhm ag an Údarás le páirtithe leasmhara. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, páirtithe leasmhara agus páirtithe eile a bhfuil suim acu i soláthar seirbhís rialúcháin agus i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Leanfaidh an tÚdarás air an polasaí d'oscailteacht seo a chur i bhfeidhm ag dul chun tosaigh le béim á cur ar leasa iomlána tomhaltóirí árachais sláinte faoi réir reachtaíocht árachas sláinte.

## 8. Leasa Tomhaltóirí

Tá leasa tomhaltóirí barrthábhachtach don Údarás. Measann an tÚdarás toradh rialachán nó reachtaíochta nua ar thomhaltóirí. Beidh sé mar aidhm ag an Údarás le cinntiú go mbíonn tomhaltóirí ar an eolas faoina gcearta; go míníonn siad polasaithe agus ábhar poiblíochta an cumhdach ar bhealach cothrom agus comparáideach; go coinnítear grádú pobail, clárú oscailte agus cumhdach saoil agus go mbíonn gnáthaimh chuí ag soláthróirí árachais sláinte le déileáil le gearáin chustaiméirí. Sa bhliain 2004 tháinig iarrthóirí nua chuig an margadh agus fáiltíonn an tÚdarás roimh an fhorbairt seo i dtaca le rogha a leathnú do thomhaltóirí.

### Faisnéis Tomhaltóirí

D'fhoilsigh an tÚdarás taighde in Aibreán, 2003 i ndiaidh suirbhé ar thomhaltóirí a rinneadh i 2002. Ag deireadh 2004 choimisiúnaigh an tÚdarás taighde breise ar thuairimí tomhaltóirí maidir le hárachas sláinte príobháideach, an fios atá acu ar an margadh agus ar iompar tomhaltóirí árachas sláinte príobháideach, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'athraigh tuairimí, eolas agus iompar tomhaltóirí nó nár athraigh agus cá mhéad a d'athraigh, má d'athraigh siad ar chor ar bith, ó rinneadh an taighde deireanach i 2002/2003.

I 2004 rinne an tÚdarás iarracht dul i ngleic le heasnamh faisnéise tomhaltóirí a aimsíodh ina thaighde trí thábla comparáid táirgí agus dhá bhileog faisnéise a fhoilsiú. Tá comharthaí ann le taispeáint gur éirigh leis na foilseacháin feachtas faoi chineál cásta árachas sláinte príobháideach a ardú agus tá rún ag an Údarás tógáil ar an rath seo le feachtais eile i 2005 chun oideachas a chur ar thomhaltóirí. Bíodh sin mar atá, de réir cosúlachta tá easnamh faisnéise suntasaí ann i measc tomhaltóirí agus neamhthomhaltóirí araon agus leanann an tÚdarás leis chun faisnéis bhainteach a sholáthar.

Mar chuid d'fheachtais an Údarais chun easnamh faisnéise an tomhaltóra a laghdú, lainseáil sé feachtas fógraíochta ag deireadh 2004 ag cur fógraí ar na mórnuachtáin ag iarraidh ar thomhaltóirí dul i dteagmháil leis an Údarás má bhí deacracht acu chun sláinte árachas táirgí a thuiscint agus comparáid a dhéanamh eatharhu.

Cinntíonn an tÚdarás go mbíonn an tábla comparáid táirgí cothrom le dáta agus go léiríonn sé iarrthóirí nua agus pleananna nua.

Bhí an tÚdarás i dteagmháil go rialta le hárachóirí maidir le nithe éagsúla, san áireamh bhí cruinneas nó dlíthiúlacht na nithe a leanas á cheistiú acu:

- faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí i gconartha árachóirí;
- litríocht fógraíochta a d'fhoilsigh árachóirí;
- faisnéis a thug ionaid ghlaonna árachóirí;
- faisnéis ar tháirgí nua; agus
- ábhair líonláithreán árachóirí.



## Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí

Mhéadaigh líon na gceisteanna agus na ngearán a fuair an tÚdarás faoi thrí i 2004 i gcomparáid le 2003. Is cosúil gur ann don mhéadú seo toisc próifíl ardaithe an Údaráis a tharlaíonn de thairbhe a fheachtais faisnéise tomhaltóirí.

Is iad a leanas na príomhcheisteanna a tógadh leis an Údarás:

- Cabhair le tuiscint agus comparáid táirgí árachas sláinte príobháideach;
- Faisnéis ar thréimhsí feithimh;
- Gearáin faoi chaighdeán seirbhísí árachóirí; agus
- Fiosrúcháin ó daoine thar 65 ar diúltaíodh cumhdach dóibh.

Chabhraigh an tÚdarás le cuid mhór tomhaltóirí chun a gceisteanna a fhreagairt agus a ngearáin a réiteach.

D'fhoilsigh an tÚdarás 'Nós Imeachta le haghaidh Ceisteanna/Gearáin a Láimhseáil ó bhail an Phobail' atá ar fáil ar ár líonláithreán.

Rinne an tÚdarás léirmheas ar Bille Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004 agus mhol sé don Roinn Sláinte agus Leanaí, de réir mar a bhí an reachtaíocht faoi láthair, go raibh an chuma air nach dtiocfaidh Vhi Healthcare faoi théarmaí Ombudsman Seirbhísí Airgeadais (OSA) a mholfar. Dá réir sin thug An Roinn Sláinte agus Leanaí na céimeanna riachtanacha chun Vhi Healthcare a chur san áireamh faoi chosaint an OSA, dá bharr sin ag cur foinse réiteach coimhlinte luachmhar ar fáil do thomhaltóirí Vhi Healthcare. Tá an tÚdarás ag dúil le caidreamh oibre leis an OSA nuabhunaithe a fhorbairt.

## 9. Ceisteanna Táirge

Tá sé tábhachtach don Údarás caighdeáin árachas sláinte a choinneáil. Chuige sin, déanann an tÚdarás monatóireacht ar tháirgí árachais sláinte atáthar á ndíol in Éirinn chomh maith le nithe eile ar féidir leo éifeacht bheith acu ar an margadh árachas sláinte príobháideach amhail pleananna airgid thirim ospidéal agus polasaithe géarhinnis. Déanann sé monatóireacht chomh maith ar an dóigh a ndéantar táirgí a fhógairt agus a dhíol agus bhí roinnt cainteanna le soláthróirí árachas sláinte faoi phróisis chun plé le tomhaltóirí.

Le linn 2004, tháinig VIVAS Health isteach ar mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn. Roimh theacht isteach dóibh, rinne an tÚdarás léirmheas ar mhionsonraí na dtáirgí a bhí le díol ag VIVAS Health, chun cinntiú gur chomhlíon na táirgí seo na riachtanais reachtaíochta bhainteacha, amhail Rialachán na Sochair Íosta. Rinneadh an t-aithbhreithniú seo i gcomhar le VIVAS Health agus shíl an dá pháirtí gur cleachtas cuidiúil a bhí ann.

I dteannta lainseáil VIVAS Health, lainseáil sealbhóirí sa mhargadh roinnt táirgí nua, ina measc bhí HealthManager Gold ó BUPA Ireland agus an réimse Lifestage Choices ó VHI Healthcare. Rinne an tÚdarás scrúdú ar mhionsonraí na dtáirgí nua seo le leibhéal clúdaigh a bhí á thairiscint a chinntiú. Tá an tÚdarás sásta go raibh agus go bhfuil na táirgí seo cuí, ag comhlíonadh riachtanas Rialachán na Sochair Íosta.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar rialacha táirgí láithreach de BUPA Ireland agus Vhi Healthcare araon. Mar gheall ar an athbhreithniú seo, tógadh roinnt ceisteanna leis an dá árachóir. Mar thoradh ar an phróiseas, thángthas ar roinnt theagmas nuair nár íocadh sochair íosta fhorordaithe le cuid de chomhaltaí de Vhi Healthcare (féach Alt 13).

Lainseáil Vhi Healthcare táirge árachais taistil ilturais agus léiriú agus réimse táirgí árachas déidliachta le linn na bliana, an ceann deireanach i gcomhar le DeCare International. Toisc nach ionann na táirgí seo agus conartha árachas sláinte, tá siad lasmuigh de théarmaí tagartha an Údaráis.

Le linn na bliana, bhí díospóireachtaí ann le hionadaithe ó roinnt oibritheoirí plean airgid thirim ar an margadh Éireannach, agus bhuail sé le hionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus roinnt de na soláthróirí seo, chun ceisteanna bainteach le háit na bpleananna airgid thirim ar an margadh. Fuair dhá oibritheoir plean airgid thirim ar an margadh Éireannach díolúiní ó riachtanais chlárúcháin faoin Acht Árachas Sláinte (Leasú) 2001. Agus comhairle dlí faighte ag an Údarás ar an gceist, chuir sé in iúl d'oibritheoir eile go raibh gá ann chun é a chlárú ar An Clár Gnóthais Sochair Sláinte.

Chinn an oibritheoir, a raibh air clárú, ar tharraingt siar ón margadh Éireannach. Tuigean an tÚdarás buntáistí na hiomaíochta ach is gá dó gníomhú laistigh de réimsí na nAchtanna Árachas Sláinte, 1994-2003 mar atá sonraithe. Phléigh an tÚdarás an cheist faoi dhéileáil dhifreálach le pleananna airgid thirim ar leith leis An Roinn Sláinte agus Leanaí, agus tá sé go mór ag dúil lena chinntiú go bhfaigheann gach oibritheoir sa mhargadh cothrom na Féinne.

## 10. Cothromú Fiontair (CF)

Tá córas rialúcháin árachais sláinte príobháideach bunaithe ar eochairphrionsabail de ghrádú pobail, rollú oscailte agus clúdach saoil agus sochair íosta agus is é an aidhm atá aige nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó dóibh sin a bhfuil an gá is mó leis. Níl maoiniú ar bith ag an gcóras agus mar sin ní bhíonn maoiniú cnuasaithe le saol an duine árachaithe chun costais na n-éileamh lena bhfuiltear ag dúil a chumhdach. Ina áit sin, cnuasaítear an t-airgead a thugann daoine árachaithe agus baintear costais na n-éileamh i mbliain faoi leith den chnuasach. Tá an córas, mar sin de, ag brath go mór ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine sa chaoi go dtugann daoine níos óige agus níos sláintiúla fóirdheontas do dhaoine níos sine, a mbíonn éilimh níos airde acu, is é an bun-réamhleagan taobh thiar de sin go dtabharfar glúine amach anseo fóirdheontas don mhuintir óga.

Is é sa chomhthéacs seo is gá coincheap grádú pobail a thuiscint. Ciallaíonn sin nach dtéann leibhéal baoil a chruthaíonn tomhaltóir ar leith don árachóirí i bhfeidhm ar an phréimh a íoctar. Is é sin le rá, iarrtar an phréimh chéanna ar gach duine ar son plean ar leith, beag beann ar aois, inscne, rocht a sláinte anois nó amach anseo faoi réir eisceachtaí maidir le páistí faoi 18, mic léinn in oideachas lánaimseartha agus baill scéimeanna grúpa. Socraítear Grádú Pobail go sainráiteach le halt 7 den Acht Árachas Sláinte, 1994 (atá leasaithe ag an Acht Árachas Sláinte (Leasú) 2001 agus An tAcht Árachas Sláinte (Leasú) 2003 ar a ndéantar trácht mar “an tAcht”).

Is próiseas é CF atá ag iarraidh difríochtaí i gcostais árachóirí a éiríonn amach de dheasca comhathruithe i stádas sláinte a mball a neodrú ar bhealach cothromasach. Baineann CF le híocaíochtaí aistrithe idir árachóirí sláinte chun cuid de chostais éileamh na gcomhaltaí ardbhaoil a chur ar gach árachóir sláinte sa mhargadh i gcoibhneas lena sciar den mhargadh. Ba chóir tabhairt faoi deara gur gnáthmheicníocht é soláthar do SCF i dtiortha le córas árachas sláinte grádaithe pobail.

### An Scéim Cothromú Fiontair

Ba é an tAire Sláinte agus Leanaí a thug an Scéim CF isteach de bhun alt 12 de na hAchtanna Árachais Sláinte agus tháinig sé i bhfeidhm ar 1 Iúil, 2003. Faoin Scéim (mar atá leasaithe), tá gá le gnóthais árachas sláinte tuairisceáin sonraithe a dhéanamh don Údarás de réir alt 12 den Acht do thréimhsí sé mhí ag tosú ar 1 Iúil, 2003, .i. bhí na chéad tuairisceáin le bheith ann don tréimhse 1 Iúil 2003 go dtí 31 Nollaig, 2003.

Faoi alt 12 den Acht agus faoi fhorálacha na Scéime, caithfidh an tÚdarás na tuairisceáin a tugadh dó a mheas agus anailís a dhéanamh orthu ar mhaithe le difríochtaí a aimsiú, más ann do cheann ar bith, faoin nádúr agus dáileadh fiontar árachaithe i measc gnóthais scéime. Ón meastóireacht agus ón anailís a rinneadh, caithfidh an tÚdarás, de réir foirmle leagtha amach sa Dara Sceideal don Scéim, cothromú céatadán an mhargaidh (“MCC”) a shocrú. Ansin ullmhaíonn agus soláthraíonn an tÚdarás tuarascáil scríofa don Aire ag tabhairt mionsonraí ar an meastóireacht agus miondealú a rinneadh. Caithfidh an tuarascáil MCC a shonrú agus ualú an stádas sláinte lena ghlacann sé chun socrú cinnteoireachta den chineál agus d’fhéadfaí faisnéis agus comhairle eile maidir le gnó sláinte árachais a dhéanamh a bheith ann, agus forbairt maidir le sláinte árachais go ginearálta, de réir mar is dóigh leis an Údarás ba chóir a chur san áireamh mar thoradh ar a mheastóireacht agus a anailís.

Nuair a shocraíonn an tÚdarás, mar thoradh ar a mheastóireacht agus a anailís, cineál agus dáileadh fiontar i measc na ngnóthas, mar a chuirtear in iúl sa Scéim ag cothromú céatadán an mhargaidh, nach bhfuil níos lú ná 2%, agus nach bhfuil níos mó ná 10%, caithfidh an tÚdarás moladh a chur ina thuarascáil cé acu ba chóir dó nó di, de réir mar a mheasann sé a bheith cuí, agus aird tugtha do leasa iomlán is fearr tomhaltóirí árachas sláinte, a c(h)umhacht a úsáid nó nár chóir faoi Alt 13 den Scéim chun tús a chur le híocaíochtaí SCF.

Tá sé tábhachtach le treisiú nach bhfuil an cinneadh a tugadh don Údarás cé acu ba chóir dó tús a chur le híocaíochtaí SCF a mholadh nó nár chóir ina chleachtas casta. Agus an cinneadh á dhéanamh ag an Údarás tá air, agus bhí air, aird cheart a thabhairt ar an chritéar den leas iomlán is fearr do thomhaltóirí árachas sláinte ach ní coincheap é seo a bhfuil clár ábhair inlaghdaithe aige mar atá soiléir ó chur síos an choincheapa sin in alt 12(10)(iii) den Acht mar a deir sé go bhfuil sé ráite faoin ngá chun cur i bhfeidhm grádú pobail a choinneáil fud fad an mhargaidh d'árachas sláinte agus chun iomaíocht idir gnóthais a éascú. Mar sin, is é atá i gceist leis an gcinneadh faoi cad é a chiallaíonn an leas iomlán is fearr do thomhaltóirí árachas sláinte, mar a bheifí ag dúil, machnamh ar líon mór tosca, san áireamh d'fhéadfadh cúinsí bheith in iomaíocht leis an ngá chun cur i bhfeidhm grádú pobail fud fad an mhargaidh a choinneáil agus an gá chun iomaíocht idir gnóthais a éascú. Ar deireadh, mar sin de, tá an tÚdarás gníomhach le tosca agus cúinsí a chothromú agus caithfidh sé breithiúnas a thabhairt.

### Tuairisceán a Fháil agus a Dhearbhú

Roimh chlárú na dtuairisceán, leag amach an tÚdarás roinnt riachtanas atá le comhlíonadh ag gnóthais nuair atá siad ag clárú tuairisceán, mar atá dearbhaithe gan débhrí sínithe ag daoine sinsearacha laistigh den ghnóthas, tuarascála cuntasóirí neamhspleácha a chlárú i dteannta le tuairisceáin agus sonraíocht ar gach réamhthuairim nó léirmhíniú a rinne árachóirí. Cuireann na riachtanais seo ar chumas an Údaráis tábhacht neamh-chomhsheasmhacht ar bith maidir leis an mbealach ar chomhlíon gnóthais a dtuairisceáin a mheas. D'fhoilsigh an tÚdarás treoir maidir leis an Scéim CF sa dóigh go nglacfaidh gnóthais le léirithe atá comhsheasmhach leis an Scéim agus idir gnóthais.

D'éirigh leis na céimeanna rathúil chun neamh-chomhsheasmhacht ar bith i dtuairisceán a aimsiú agus thug sé faill don Údarás bheith muiníneach nach raibh na neamh-chomhsheasmhachtaí chomh suntasach sin go mbeadh tionchar acu ar a mholtaí an Aire Sláinte agus Leanaí. Bíodh sin mar atá, bhí an tÚdarás den bharúil go mbeadh athruithe a rinneadh don Scéim úsáideach chun gnéithe de a shoiléiriú agus chun an treoir a d'fhoilsigh an tÚdarás ceangailteach ar ghnóthais agus rinne an tÚdarás aighneachtaí don Tánaiste maidir leis seo.

Ina theannta, agus chun cabhair tuairisceáin a fhíorú agus a dhearbhu amach anseo, dhréachtaigh an tÚdarás foirmeacha chun tuilleadh faisnéise a bhailiú atá le bheith istigh leis na tuairisceáin. Soláthróidh an fhaisnéis sna foirmeacha dréachta seo mionsonraí maidir le héilimh íoctha ag gnóthais árachais sláinte agus baill ghnóthais árachais sláinte nach raibh san áireamh sna tuairisceáin. Scaipeadh na foirmeacha dréachta seo ar árachóirí, agus iarradh a mbarúlacha orthu.

### Moltaí an Údaráis i 2004

Go bunúsach is ionann an próiseas anois ag an Údarás gur úsáid sé a Fhoireann chun anailís agus próiseáil a dhéanamh ar na tuairisceáin reachtúla ó ghnóthais chláraithe agus an dóigh a raibh sé. Is é atá ann ná mionainilís ar mhionsonraí sa chéad dul síos déanta ag Foireann an Údaráis, ansin tarchur na n-ábhar arís eile chuig baill an Údaráis chun a machnamh ar an ábhar sin a éascú, agus ansin bíonn ceardlann/cruinniú ann ag a mbíonn baill an Údaráis ag teacht le chéile chun an t-ábhar a phlé agus cinneadh sealadach a dhéanamh chun cé acu ba chóir moladh a dhéanamh chun tús a chur le híocaíochtaí SCF nó nár chóir. Leanann an próiseas comhairliúcháin reachtúla seo atá forordaithe san Acht, aighneachtaí a fháil nó uirill óna ngnóthais chláraithe ar scór próiseas an chomhairliúcháin sin agus, mion-anailís ar uirill agus aighneachtaí de na gnóthais chláraithe ag an bhFoireann, anailís curtha

os comhair bhaill an Údaráis a thagann le chéile le haghaidh ceardlann/cruinniú eile chun machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna agus faoi dheireadh tagann na baill ar an gcinneadh chun cé acu moladh a dhéanamh don Aire chun tús a chur le hiocaíochtaí SCF nó nár chóir. Ag gach pointe, cuireann baill a saineolas agus mbreithiúnas i bhfeidhm go díograiseach agus fáil acu ar shaineolas na Foirne, tacaithe, nuair is cuí, ag comhairle sheachtrach neamhspleách.

### An Chéad Tacar de Thuairisceáin

Fuair an tÚdarás an chéad tacar de thuairisceáin in Eanáir, 2004. Bhain seo leis an tréimhse 1 Iúil, 2003 go dtí 31 Nollaig, 2003. Óna mheastóireacht agus anailís agus na tuairisceán úd, chinn an tÚdarás gurb é 3.7% céatadán na scéime cothromaithe agus, mar atá cuntas tugtha orthu ina fhógra do na gnóthais chláráithe ar 5 Márta, 2004, mhol sé don Aire gan tús a chur le hiocaíochtaí SCF. Is iad a leanas cúiseanna an Údaráis maidir leis an moladh sin:

*“Tá sé de rún ag an Údarás an moladh seo a dhéanamh toisc na cúiseanna a leanas:*

- *tá easpa fianaise ann de bhagairt ar sheasmhacht margaidh;*
- *de thairbhe an MCC íseal, is cosúil go mbeadh na sochair a thiocfadh fás do thomhaltóirí árachas sláinte go díreach ó aistriú maoinithe bheith beag; agus*
- *sa chomhthéacs seo is tábhachtaí torthaí iomaíocha éiginnte ar féidir leo éirí aníos ná buntáistí féideartha de thús a chur le hiocaíochtaí cothromú fiontair.*

*Creideann an tÚdarás go láidir go dtiocfadh, agus cúinsí cuí ann, freastal ar na leasa is fearr do thomhaltóirí árachas sláinte i margadh grádú pobail trí thús a chur le hiocaíochtaí cothromú fiontair.”*

Agus machnamh déanta ar aighneachtaí a rinne gnóthais chláráithe, chloígh an tÚdarás lena bhun-chinneadh agus, ina thuarascáil don Aire dar dáta 28 Aibreán, 2004, a cuireadh ar fáil do na gnóthais agus foilsithe ar líonláithreán an Údaráis, mhol sé nár chóir tús a chur le hiocaíochtaí SCF toisc na cúiseanna a leagadh amach cheana ina fhógra do na gnóthais chláráithe. Ba chóir é a thabhairt faoi deara gur threisigh an tÚdarás go n-amharcfadh sé ar a chinneadh arís de réir mar a tháinig tuilleadh sonraí, tuairisceán san áireamh, ar fáil dó:

*“Tá moladh an Údaráis déanta i gcomhthéacs na fianaise atá ar fáil dó. Níor chóir amharc ar an mholadh seo mar chomhartha nach molfaidh an tÚdarás, amach anseo, tús a chur le hiocaíochtaí cothromú fiontair. Creideann an tÚdarás go fóill, i gcúinsí cuí, go dtiocfadh freastal ar na leasa is fearr do thomhaltóirí árachas sláinte i margadh grádú pobail trí thús a chur le hiocaíochtaí cothromú fiontair.*

*Ina theannta sin, aithníonn an tÚdarás go dtiocfaidh tuilleadh sonraí ar fáil gan mhoill, (tuilleadh tuairisceán san áireamh), a dtiocfadh leo pictiúr níos iomláine a chur ar fáil, comhartha ar ráta teacht chun cinn luachanna na n-athróg curtha san áireamh sa tuarascáil seo, agus rachfaidh sé i bhfeidhm ar phlé amach anseo. Mar gheall ar a thábhachtaí atá an cinneadh seo agus na tosca eile luaite sa Tuarascáil seo, thiocfadh a rá go mbeadh sé níos críonna gan cinneadh chun tús a chur le hiocaíochtaí SCF a bhúnú ar thacar amháin tuairisceán.”*

I ndiaidh an mholta seo, tháinig comhaltaí an Údaráis féin le chéile le feidhmeannaigh shinsearacha BUPA Ireland agus Vhi Healthcare ar 22 Meitheamh, 2004 chun deis a thabhairt do na gnóthais siúd chun a mbarúlacha ar SCF (i ndiaidh an chéad mholadh an Údaráis) a nochtadh go díreach do chomhaltaí an Údaráis.

### An Dara Tacar de Thuairisceáin

Fuair an tÚdarás an dara tacar de thuairisceáin ó ghnóthais na scéime, don tréimhse 1 Eanáir, 2004 go dtí 30 Meitheamh, 2004, i mí Iúil, 2004. Óna mheastóireacht agus anailís ar na tuairisceáin úd, chinn an tÚdarás gurb é 3.5% céatadán na scéim cothromaithe agus, ar 3 Meán Fómhair, 2004, i bhfógra eisithe do ghnóthais chláráithe, mhol sé don Aire gan tús a chur le híocaíochtaí SCF.

Agus machnamh déanta ar aighneachtaí a rinne gnóthais chláráithe, BUPA Ireland san áireamh, chloígh an tÚdarás lena mholadh déanta agus, ina Thuarascáil don Aire dar dáta 27 Deireadh Fómhair, 2004 a cuireadh ar fáil do na gnóthais agus foilsithe ar líonláithreán an Údaráis, mhol sé nár chóir tús a chur le híocaíochtaí SCF. Bhí na cúiseanna, a thug an tÚdarás chun an mholadh sin a dhéanamh, go ginearálta, de réir na gcúiseanna úd a leagadh amach ina fhógra do na gnóthais chláráithe ach méadaíodh iad ar roinnt dóigheanna mar a leanas:

- *“Mar chéatadán den leibhéal éileamh íoctha sa mhargadh tá laghdú tagtha ar Coigeartuithe Cothromaithe Dhearfai Margaidh (ACDM) ón tuarascáil roimhe. Tá seo léirithe ar luach an MCC, a laghdaíodh ó 3.7% go dtí 3.5% le hUalú Stádas Sláinte atá cothrom le 0.*

*Cé gur laghdaíodh an ACDM mar choibhneas leibhéal na n-éileamh, ardaíodh a luach don tréimhse sé mhí ó 1 Eanáir, 2004 go dtí 30 Meitheamh, 2004, ó €11.6m go dtí €11.8m ón tuarascáil roimhe. Nuair a amharctar ar líon tomhaltóirí árachas sláinte sa mhargadh agus an méid préimhe a íocadh i gcomhthéacs (c. €1 billiún i 2003) fanann, mar sin de, luach ACDM measartha íseal. Mar thoradh air, bheadh na buntáistí féideartha, trí laghdú céatadán préimheanna ar bhealach ar bith, a thiocfadh fás do thomhaltóirí árachas sláinte go díreach ó aistriú maoinithe, is cosúil go bhfuil siad beag.*

- *Mar atá mionsonraithe ina Pháipéar Polasaí [féach, go háirithe, Alt 3], tá a fhios ag an Údarás faoin bhféidearthacht ag éirí i margadh gradaithe pobail, a bheadh ina bhagairt do chothabháil margadh gradaithe pobail, agus i gcúinsí ar leith thiocfadh tús a chur le híocaíochtaí SCF, chun dul i ngleic ar a leithéid d'éagobhsaíocht bheith cuí.*

*Má mheas an tÚdarás, bunaithe ar an eolas atá ar fáil, dá mbeadh a leithéid de bhagairt réidh le tarlú nó go mbeadh sé cinnte go dtiocfadh sin aníos, gan athrú i gcúinsí eile, mholfadh sé tús a chur le híocaíochtaí SCF chun grádú pobail a choinneáil. Bíodh sin mar atá, bunaithe ar a anailís, ní mheasann an tÚdarás go bhfuil a leithéid de bhagairt cinnte nó go dtiocfadh sí aníos. Is féidearthacht í a leithéid de bhagairt agus, dá bhrí sin, féidearthacht a ghlacann, agus a ghlacfaidh an tÚdarás go han-dáiríre.*

*Mar chuid dá phlé, go háirithe, rinne an tÚdarás machnamh ar anailísí treochtaí ar leith sa mhargadh, leibhéal léigí agus díolachán d'árachóirí difriúla san áireamh, fás ballraíochta d'árachóirí difriúla, fás iomlán an mhargaidh, próifíl riosca d'árachóirí chomh maith le hábhair eile mionsonraithe ina Pháipéar Polasaí [féach, go háirithe, Alt 3]. Tríd seo a dhéanamh rinne sé iarracht le fáil amach arbh fhéidir go dtiocfadh bagairt aníos do sheasmhacht an mhargaidh, ar chóir dul i ngleic leis ag an phointe seo trí thosú láithreach ar íocaíochtaí SCF. Cé go bhfuil inní bainte le cuid de na sonraí seo maidir le hábhair, léigí agus díolacháin mar shampla, agus leanfar le monatóireacht orthu, níl go leor fianaise dá leithéid ann do bhagairt nuair a mheastar iomlán na sonraí atá ar fáil don Údarás.*

*Rinneadh measúnú ar fhéidearthacht go dtiocfadh bagairt aníos, do sheasmhacht an mhargaidh a d'iarrfadh tús láithreach le hiocaíochtaí SCF, a bhí measta chomh maith i gcomhthéacs riochtaí airgeadais árachóirí. Agus measúnú á dhéanamh, go háirithe, ar cé acu bhí bagairt ann d'árachóirí aonaracha nó nach raibh, measadh go raibh leibhéal bhrabúsachta ábhartha agus sa chomhthéacs seo mheas an tÚdarás faisnéis ar fáil poiblí (Tuarascáil Bhliantúil Vhi Healthcare, tuairisceáin chuig Údarás Seirbhísí Airgeadais RA ag BUPA Insurance Limited) agus faisnéis airgeadais eile araon ar bhonn rúnda ag gnóthais Scéime.*

- *Tugann an tÚdarás faoi deara gur mhéadaigh prímheanna sa mhargadh le roinnt blianta anuas thart ar c. 9% ar a mheán sa bhliain, cé go bhfuil cuma ar an ráta seo gur mhoilligh sé go suntasach le déanaí toisc fógairt a rinneadh faoi mhéadú c. 3% ar phrímheanna Vhi Healthcare do chonartha a athnuachan sa bhliain 2004/2005. Tugann an tÚdarás faoi deara chomh maith gur ardaigh VHi Healthcare a phrímheanna faoi 18% i 2002/2003 agus d'ardaigh BUPA Ireland a phrímheanna faoi 14.4%. Sa chomhthéacs seo, tá inní ar an Údarás faoi leibhéal brúnna iomaíochta ar gach árachóir sa mhargadh.*

*Creideann an tÚdarás go dtiocfadh le tabhairt isteach SCF, sna cúinsí faoi láthair, brúnna iomaíochta laistigh den mhargadh a laghdú gan méadú suntasach sochair do thomhaltóirí árachas sláinte. Ag tabhairt faoi deara faoi ardú i bprímheanna le déanaí agus fios ann faoi bhuntáistí féidearthachta iomaíochta measann an tÚdarás, ag an am seo, nach mbeadh moladh chun tús a chur le hiocaíochta SCF ar an leasa iomlán is fearr do thomhaltóirí árachas sláinte.*

- *Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil baint shéasúrach le sonraí ar leith, ar a laghad, le gnóthais a nochtadh sna tuairisceáin. Sa chomhthéacs seo, aithníonn an tÚdarás go dtiocfaidh tuilleadh sonraí, le himeacht ama, ar féidir leo pictiúr níos iomláine a chur ar fáil, (tuilleadh tuairisceán san áireamh) agus cuirfidh siad le plé, amach anseo, ar an eolas."*

Lean an tÚdarás leis ina Thuarascáil le treisiú go ndearna a mholadh i gcomhthéacs na fianaise atá ar fáil dó faoi láthair agus go raibh sé den bharúil go fóill, sna cúinsí cuí, go dtiocfadh freastal ar na leasa is fearr do thomhaltóirí árachas sláinte i margadh grádaithe pobail trí thús a chur le hiocaíochtaí RCF.

## An tUalú Stádas Sláinte

Is paraiméadar é an tUalú Stádas Sláinte (SMS) in áirimh an SCF a théann i bhfeidhm ar an méid a dhéanfadh éagsúlachtaí i stádas bhaill shláinte árachóirí, ach iad siúd mar thoradh ar dhifriochtaí in aois agus inscne, a chomhionannú. Agus an SMS cothrom le 0, mar atá faoi láthair, is é an aidhm atá ag an SCF ná aois agus inscne a chomhionannú. Faoi réir próiseas reachtúil sainmhínithe, tig leis an Údarás luach an SMS a athrú sa dóigh go mbeadh sé mar aidhm ag áirimh SCF comhathruithe ar phróifíl riosca ag eascairt as tosca eile a chur san áireamh.

Sholáthair meastóireacht agus anailís an Údaráis den dara tacar de thuirisceáin faisnéis faoi dhifriochtaí ábhartha in eispéreas éileamh laistigh de bhanda aoise agus inscne, ag cur in iúl gur féidir go mbeadh tosca riosca, taobh amuigh d'aois agus d'inscne, ag dul i bhfeidhm ar na difriochtaí in eispéreas éileamh de ghnóthais árachais sláinte dhifriúla.

Ba iad na torthaí seo a thug ar an Údarás machnamh a dhéanamh ar luach an SMS. D'fhostaigh an tÚdarás Roinn Achtúire an Rialtais sa RA, (RAR RA) chun moladh a chur le chéile le haghaidh obair ar an impleachtaí de dhifriochtaí i stádas sláinte idir árachóirí. Roinn foireann an Údaráis athbhreithniú ar mholadh RAR RA agus phléigh siad an fiosrú a moladh le hárachóirí. Tá an t-ábhar á mheas fós.

## 11. Grádú Pobail

Rinne an tÚdarás aighneacht don Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le Grádú Pobail Saoil (GPS) i mí Dheireadh Fómhair, 2002. Cloíonn an tÚdarás lena bharúil go laghdódh tabhairt isteach GPS an baol ar roghnú dochrach sa mhargadh. Creideann an tÚdarás go bhfuil rún ag An Roinn Sláinte agus Leanaí chun rialacháin GPS a thabhairt chun tosaigh i 2005. Idir an dá linn, leanann an tÚdarás leis monatóireacht a dhéanamh ar obair grádú pobail agus GPS i roinnt margadh árachas sláinte go hidirnáisiúnta, An Astráil agus na Stáit Aontaithe san áireamh.

## 12. Ceisteanna Iomaíochta

Tá an tÚdarás geallta fós maidir le hiomaíocht margadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn a éascú. Chuige sin, bhí díospóireachtaí ag an Údarás le roinnt páirtithe leasmhara agus páirtithe a raibh suim acu ann faoi cheisteanna iomaíochta agus tá sé toilteanach go fóill na ceisteanna sin a phlé le páirtithe a bhfuil suim acu ann. Chuir an tÚdarás an tuarascáil ar staidéar taighde ar iomaíocht i margadh árachais sláinte príobháidigh in Éirinn ar fáil go poiblí, taighde déanta ag Cuibhreannas Eabhraic um Eacnamaíocht Sláinte (York Health Economics Consortium) i 2003.

Lean an tÚdarás leis le teagmháil rialta agus leanúnach a bheith acu leis an Údarás Iomaíochta le linn na bliana maidir le réimse ceisteanna. Níl an tÚdarás i measc rialtóirí earnála ar gá dóibh comhaontuithe comhoibríthe a shíniú leis an Údarás Iomaíochta faoin Acht Iomaíochta, 2002, rinneadh díospóireachtaí idir an dá thaobh maidir leis an Údarás a chur leis an liosta seo. Tá comhaontú faighte ón Aire Sláinte agus Leanaí agus ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta don dá Údarás chun a leithéid de chomhaontú a shíniú. Idir an dá linn, creideann an tÚdarás go rachadh caidreamh maith oibre chun sochair do chách agus lean sé an aidhm seo.



### 13. Sochair Íosta

Tuigean an tÚdarás go bhfuil plean ag An Roinn Sláinte agus Leanaí athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin Sochair Íosta i 2005. Is é polasaí an Rialtas, mar a bhí ráite ar an bPáipéar Bán ar Árachas Sláinte Príobháideach, 1999, na Rialacháin Sochair Íosta a shimpliú, ina bhfuil táblaí mionsonraithe de chóireálacha míochaine agus na sochair íosta atá le soláthair do gach ceann acu seo. Faoi na moltaí seo, samhlaíodh go mbeadh ról níos mó ag an Údarás chun leibhéil sochair íosta a shainmhíniú agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán nua.

D'fhoilsigh an tÚdarás páipéar comhairliúcháin ar shochair íosta, a scaipeadh thart i mí Dheireadh Fómhair 2003, ar pháirtithe leasmhara agus páirtithe a raibh suim acu ann. San áireamh leis na ceisteanna a tógadh sa pháipéar comhairliúcháin, faoina chuireann an tÚdarás fáilte roimh aighneachtaí, tá: ról an Údaráis, athbhreithniú ar shochair íosta agus an scóp le rialacháin sochair íosta.

I ndiaidh roinnt iarratas ó pháirtithe leasmhara le haghaidh síneadh ama ar spriocdháta deiridh aighneachtaí, tugadh an síniú ama seo le ligean do na páirtithe leasmhara a n-aighneachtaí a ullmhú. Bhí roinnt cruinnithe ann le roinnt de na páirtithe leasmhara seo chun ábhair a d'éirigh as an phróiseas chomhairliúcháin a phlé.

San iomlán fuair an tÚdarás seacht n-aighneacht mar fhreagairt ar a pháipéar comhairliúcháin, agus ghlac sé na barúlacha a luadh sna haighneachtaí úd ar bord agus é ag ullmhú a sheasamh ar na ceisteanna a tháinig aníos. Tá rún ag an Údarás aighneacht a dhéanamh don Roinn Sláinte agus Leanaí ar an cheist seo go luath i 2005.

Ag éirí as an athbhreithniú ar rialacha táirgí BUPA Ireland agus Vhi Healthcare a rinne an tÚdarás le linn na bliana (féach Alt 9), thángthas ar roinnt theagmhas nuair nach bhfuair baill Vhi Healthcare fócaíochtaí íosta forordaithe lena raibh siad i dteideal. Bhain na cásanna seo le gnáthaimh a rinneadh i gClinic na gCreagacha Dubha agus Ospidéal Príobháideach an Mater, agus tharla tromlach na dteagmhas le linn na tréimhse 1996-2000. Scríobh an tÚdarás chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí maidir leis seo, mar ba é an Roinn rialtóir an mhargaidh go dtí 2001. Chuir Vhi Healthcare meicníocht in áit chun baill a aisíoc as ganníocaíocht sochair. Tá imní ar an Údarás gur tharla spriocasaimh in fócaíochtaí forordaithe ach tugann sé faoi deara na gealltanais a tugadh dó gur tugadh céimeanna le cinntiú nach dtarlóidh a leithéid de ganníocaíocht arís.

## 14. Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

I rith 2004 rinne an tÚdarás iarracht caidrimh mhaithe ghairmiúla a chothabháil le páirtithe leasmhara sa mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn agus bhí sé an-oscailte do mholtaí agus smaointe ó gach foinse. Chun é seo a dhéanamh, bhuaile an tÚdarás le páirtithe leasmhara go rialta chun ábhair a thit laistigh d'fhreagrachtaí an Údaráis a phlé, agus, sa mhéid is féidir, choinnigh sé an trédhearcacht ina chuid oibre. I measc na bpáirtithe leasmhara bhí tomhaltóirí, comhlachtaí gairmiúla, rialtóirí eile, na meáin agus comhairleoirí.

I 2004, thosaigh an tÚdarás ar athbhreithniú ar a straitéis chun a ghaolmhaireacht le páirtithe leasmhara a bhainistiú. Tá an t-athbhreithniú seo idir lámha.

### Caidreamh leis an Rialtóir Airgeadais

Tá caidreamh maith oibre ag an Údarás le hÚdarás Rialúcháin Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (ÚRSAÉ) maidir le hábhair a bhaineann le leas na beirte. Go háirithe, oibríonn an tÚdarás go dlúth le ÚRSAÉ maidir le hiarrthóirí nua don mhargadh árachas sláinte príobháideach agus is mór aige an comhoibriú a fhaigheann sé ó ÚRSAÉ maidir leis seo.

Cuidíonn an caidreamh seo dúbailt oibre nach gá a dhéanann an tÚdarás agus ÚRSAÉ, a mbeadh an fhéidearthacht aige, dá réir sin, cur le hardú neamhriachtanach ar an ualach rialúcháin ar ghnóthais árachas sláinte.

## 15. Taighde Coimisiúnaithe

### Suirbhé Tomhaltóirí

I 2002 choimisiúnaigh an tÚdarás suirbhé ar bharúil tomhaltóirí maidir leis an mhargadh árachais sláinte príobháideach in Éirinn. Ba mhian leis an Údarás fiosrú a dhéanamh treochtaí maidir le haistriú idir árachóirí, eolas agus tuiscint thomhaltóirí faoi tháirgí margaidh agus sláinte, fios, eolas agus tuiscint ar an margadh agus sláinte, sásamh tomhaltóirí agus na cúiseanna nár ceannaíodh árachas sláinte. Scaoileadh amach torthaí an tsuirbhé seo i 2003 agus chuir siad le heolas an Údaráis i roinnt réimsí, leasa tomhaltóra san áireamh. Thaispeáin an tsuirbhé go raibh easnamh eolais ann i dtaca le tomhaltóirí maidir le hárachas sláinte, agus chuir an toradh seo le cinneadh an Údaráis chun bileoga faisnéis tomhaltóirí agus táblaí comparáide (féach Alt 8) a fhoilsiú.

Chinn an Údarás, toisc go bhfuil tréimhse dhá bhliain caite ó rinneadh an staidéar, agus tharla roinnt athruithe sa mhargadh ó shin (mar shampla, fás leanúnach maidir le méid an mhargaidh, boilsciú préimheanna agus teacht isteach an trú hárachóir), bheadh sé tráthúil an tsuirbhé a nuashonrú. Iarradh tairiscintí go mall i 2004 agus tá an tÚdarás den bharúil go mbeidh an tsuirbhé seo críochnaithe i lár 2005.

## 16. Iarrthóirí Nua

Cuireann an tÚdarás fáilte roimh iarrthóirí nua sa mhargadh árachais sláinte mar tá féidearthacht ann le teacht isteach iarrthóirí nua do thomhaltóirí trí leibhéal na hiomaíochta agus rogha sa mhargadh a mhéadú.

Buaileann an tÚdarás le hiarrthóirí nua chun freagrachtaí gnóthais árachais sláinte faoi Achtanna Árachais Sláinte a mhíniú dóibh agus chun éisteacht le barúlacha iarrthóirí nua maidir leis an mhargadh árachais sláinte príobháidigh in Éirinn. Leanann an tÚdarás leis áis mhór d'iarrthóirí féideartha nua a choinneáil, a sholáthraíonn mioneolas rialúcháin agus eolas eile ar an mhargadh árachais sláinte príobháideach.

### VIVAS Health

Cuireadh VIVAS Health leis an gClár Gnóthais Sochair Sláinte i nDeireadh Fómhair, ba é an tríú hárachóir le ballraíocht oscailte ar an Chlár, i dteannta BUPA Ireland agus Vhi Healthcare. Ba thoradh an gníomh seo ar mhéid suntasach oibre déanta ag an Údarás agus a fhoireann thar thréimhse dhá bhliain.

Chuaigh VIVAS Healthcare i dteagmháil leis an Údarás sa chéad dul síos i Samhain, 2002. Ag an am sin thug an tÚdarás VIVAS Health áis faisnéis árachais sláinte príobháideach mar a cuireadh síos air thuas. Thar an dá bhliain eile d'oibrigh an tÚdarás le VIVAS Health agus ÚRSAÉ chun teacht isteach sa mhargadh do VIVAS Health mar ghnóthas géilliúil a éascú.

Cé nach bhfuil feidhm shainiúil ag an Údarás maidir le gnóthais árachais a sheiceáil roimh theacht isteach dóibh sa mhargadh, tamall beag i ndiaidh do VIVAS Health dul i dteagmháil leis an Údarás aontaíodh go mbeadh sé ina bhuntáiste do gach páirtí lena cinntiú go gcomhlíonfaidh táirgí a mholfar agus cleachtais ghnó VIVAS Health na hAchtanna Árachais Sláinte roimh theacht isteach sa mhargadh do VIVAS Health. Sheachnódh a leithéid de chur chuige teacht aníos teagmhas a thabharfadh ar VIVAS Health tarraingt siar ón mhargadh nó a dtáirgí nó pleananna gnó a athrú tamall beag i ndiaidh teacht isteach sa mhargadh dóibh.

De réir an chur chuige seo, bhí cruinnithe rialta ag an Údarás le VIVAS Health sa dá bhliain roimh theacht isteach sa mhargadh dóibh inar pléadh comhlíonadh táirgí molta agus cleachtais ghnó VIVAS Health. Próiseas idirghníomhach a bhí ann, ina raibh ar VIVAS Health a moltaí maidir lena dtáirgí agus a bpróisis a leasú agus iad a chur faoina bhráid arís roinnt uaireanta roimh lainseáil.

Fud fad an phróisis d'oibrigh an tÚdarás go dlúth le ÚRSAÉ chun cinntiú go ndeachthas i ngleic le gach ábhar a bhain le comhlíonadh agus chun dúbláil obair ar bith ar pháirt VIVAS nó na rialtóirí a laghdú.

## 17. Timpeallacht Polasaithe

### Reachtaíocht

Déanann an tÚdarás monatóireacht, ar bhonn leanúnach, ar fhorbairtí sna réimsí reachtaíochta intíre agus reachtaíocht AE araon, ag déileáil le hárachas sláinte agus réimsí eile bainteacha, amhail árachas agus iomaíocht.

### Ceisteanna Bainteacha/Comhshaol

Déanann an tÚdarás monatóireacht, ar bhonn leanúnach, ar cheisteanna amhail boilsciú míochaine, a bhfuil tionchar aige ar phréimheanna árachas sláinte; forbairtí sa mhargadh cúram sláinte in Éirinn; cúram sláinte idirnáisiúnta agus córais árachas sláinte agus forbairtí istigh iontu; agus ceisteanna eile bainteach leis an chomhshaol ina n-oibríonn an tÚdarás.

### Rialúchán Feabhsaithe

Leanann an tÚdarás leis chun cinntiú go léiríonn a obair ar phrionsabail de rialúchán feabhsaithe, a bhfuil cuntas tugtha air i bPáipéar Bán an Rialtais, dar teideal *"Rialú Is Fearr"*, a foilsíodh go luath i 2004. Is iad na sé phrionsabal de rialú is fearr, ar a bhfuil cuntas tugtha sa Pháipéar Bán ná riachtanas, éifeachtacht, comhréireacht, trédhearcacht, freagracht agus comhsheasmhacht. Roimh fhoilsiú an Pháipéir Bháin seo, bhí athbhreithniú déanta ag an Údarás ar ábhair ón Tascfhórsa Rialú is Fearr sa RA agus foinsí bainteacha eile, bainteach le rialú is fearr. Tá iarracht mhór déanta ag an Údarás le cinntiú go mbíonn a chuid oibre trédhearcach, comhsheasmhach agus éifeachtach, agus nuair is féidir rinne an tÚdarás iarracht an t-ualach rialúcháin ar árachóirí a laghdú.

### Foras um Chomhoibriú agus Fhorbairt Eacnamaíoch

I 2002 chuir Foras um Chomhoibriú agus Fhorbairt Eacnamaíoch (FCFE) tús le staidéar ar árachas sláinte príobháideach go hidirnáisiúnta. Mar pháirt den chleachtadh seo, rinneadh cás-staidéir ar roinnt margái, agus Éire mar cheann acu. Bhuail Ionadaithe an Údaráis le toscaireacht ón FCFE i mí na Nollag 2002 agus bhí siad i dteagmháil leis an toscaireacht ó shin. D'fhoilsigh an FCFE tuarascáil an chás-staidéir i 2004, mar a rinneadh cás-staidéar eile san Astráil, sa Fhrainc agus san Ísiltír, agus rinneadh tuarascáil chomparáide foriomláine.

### Stádas Corparáideach Vhi Healthcare

Sa Pháipéar Bán ar Árachas Sláinte Príobháideach, foilsithe i 1999, rinne an Rialtas ag an am cuntas ar mholtaí chun stádas corparáideach Vhi Healthcare a athrú, chun níos mó saoirse tráchtála a thabhairt agus le lígean dó freagairt do riachtanais thimpeallacht na hiomaíochta. Tuigean an tÚdarás go raibh an Rialtas ag déanamh athbhreithniú ar stádas tráchtála Vhi Healthcare agus tá rún aige reachtaíocht a thabhairt chun tosaigh i 2005 le hathrú stádais a cheadú. Rinne an tÚdarás machnamh ar na ceisteanna maidir le hathrú den chineál a mbeadh éifeacht acu ar thomhaltóirí árachais sláinte príobháidigh agus tá sé de rún aige aighneacht a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus Leanaí ar na ceisteanna seo le linn 2005.

### Idirchaidreamh le Rialtóirí Eile

Tá an tÚdarás i dteagmháil le rialtóirí árachais sláinte i roinnt tíortha eile, agus rinne sé malartú ar fhaisnéis agus smaointe lena chomhghleacaithe i dtíortha amhail An Astráil, An tSlóvaic agus na SA. Rinneadh teagmhála úsáideacha le rialtóirí rannógacha eile in Éirinn maidir le ceisteanna le leas na beirte.







THE HEALTH  
INSURANCE  
AUTHORITY

Cuntas '04





## 18. Tuarascáil agus Cuntais

don tréimhse idir 1 Eanáir 2004 go dtí 31 Nollaig, 2004

### Don Aire Sláinte agus Leanaí

De réir théarmaí Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, cuireann An tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus Cuntais i láthair don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig, 2004.

### Clár

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	32
Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh	33
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	35
Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta	36
Ráitis Airgeadais	37

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

D'iniúch mé na ráitis airgeadais ar leathanaigh 36 go 42 faoi Alt 32 den Acht Árachas Sláinte, 1994.

### Freagrachtaí Comhaltaí an Údaráis agus An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Faoi Seach

Tá freagrachtaí cuntasáíochta Chomhaltaí an Údaráis leagtha amach ar leathanach 35. Is é mo fhreagracht, bunaithe ar m'iniúchadh, tuairim neamhspleách a thabhairt ar na ráitis airgeadais a chuir an tÚdarás faoi mo bhráid agus tuairisciú orthu.

Déanaim athbhreithniú ar cé acu a léiríonn an ráiteas ar leathanaigh 33 agus 34 gur chloigh an tÚdarás le treoir ar rialú corparáideach agus a thuairiscim ar theaghmas ábharthach ar bith nuair nach ndéanann sé amhlaidh, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamh-chomhsheasmhach le faisnéis eile a bhfuil mé eolach uirthi trí iniúchadh na ráiteas airgeadais.

### Bunús Tuairim Iniúchta

Agus mé ag cleachtadh m'fheidhmeanna mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir caighdeáin iniúchóireachta a d'eisigh an Bord um Chleachtas Iniúchta agus trí thagairt do chúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stát maidir le cúrsaí bainistíochta agus feidhmiúcháin araon.

Is é atá san iniúchadh scrúdúchán, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus nochtadh ar bith sna ráitis airgeadais. Is é atá ann, leis, measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breithiúnais a rinneadh agus na ráitis airgidis á n-ullmhú agus má tá na polasaithe cuntasáíochta fóirsteanach do chúinsí an Údaráis, curtha i bhfeidhm go seasmhach agus nocht go leor.

Pheanáil agus rinne mé m'iniúchadh sa dóigh go bhfaighinn an t-eolas agus na miniúcháin uile a mheasaim atá riachtanach chun go leor fianaise a thabhairt dom a dhearbhódh, ar bhonn réasúnta, go raibh na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábharthach arbh é calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid ba chúis leis. Rinne mé meastóireacht ar leogacht fhoriomlán chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

### Tuairim

Is é mo thuairim gur choinnigh an tÚdarás leabhair chúí cuntais agus go dtugann na ráitis airgeadais, fíorléargas cothrom ar chúrsaí an Údaráis Árachas Sláinte ar 31 Nollaig 2004 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain a chuaigh thart ansin.

**Gerard Smyth**

*Ar son agus thar ceann An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste*

17 Meitheamh, 2005

## Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

### Tuarascáil ón Chathaoirleach

**Tuarascáil ón gCathaoirleach maidir le measúnú rialuithe inmheánacha airgeadais den Údarás Árachas Sláinte de réir riachtanais in alt 10.2 (iii) den Chód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit eisithe ag An Roinn Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair, 2001**

1. Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis gurb é Bord an Údaráis atá freagrach as córas rialaithe airgeadais inmheánach an Údaráis Árachas Sláinte.
2. Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí chomh maith nach féidir lena leithéid de chóras rialaithe airgeadais inmheánach ach ráthaíocht réasúnta a sholáthar agus nach féidir leis ráthaíocht iomlán a sholáthar go mbíonn sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta mar is ceart agus go gcuirtear cosc ar earráid ábhair nó gnóthaí cama nó go mbeadh siad aimsithe in am tráthúil.
- 3-4. Leag Comhaltaí an Údaráis na heochairghnáthnaimh a leanas seo amach a dearadh le rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar laistigh den Údarás:-

Mar atá soláthraithe dó in Alt 26(5) san Acht Árachais Sláinte 1994, is é an Príomh-Fheidhmeannach/Cláraritheoir (PO) atá freagrach as riarachán agus gnó an Údaráis go ginearálta a riar agus a bhainistiú agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an tÚdarás. D'aontaigh Comhaltaí an Údaráis gurb iad an PO agus an fhoireann atá freagrach as ábhair oibríochtúla. Freagraíonn an PO do na Comhaltaí ag a gcruinnithe a dhéantar ar bhonn míosúil de ghnáth.

Ghlac na Comhaltaí le Cód Cleachtais ar Rialú an Údaráis Árachas Sláinte bunaithe ar Chód Cleachtais na Roinne Airgeadais ar Rialú Comhlachtaí Stáit. Ghlac na Comhaltaí le Rialacha maidir le Gnáthamh agus Gnó Chruinnithe an Údaráis Árachas Sláinte a gcuid cruinnithe.

Cuireann an tÚdarás Gnáthaimh Airgeadais i bhfeidhm ag leagan amach na dtreoracha airgeadais, nótaí ar ghnáthaimh agus cleachtaidh tarmligthe. Déanann an Coiste Iniúchta agus Airgeadais léirmheas ar na cuntais bhainistíochta, ráitis airgeadais bhliantúla, buiséadú agus gnáthaimh airgeadais go ginearálta. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé i 2004. Fostaíodh comhairleoirí, cuntasóirí agus comhairleoirí iniúchta inmheánacha san áireamh, in eochair-réimsí nuair a mheastar go raibh na seirbhísí cuí.

Chuir an tÚdarás córas bogearraí ríomhairí i bhfeidhm ina bhfuil pacáiste cuntasáíochta agus pacáiste párolla chun rialú airgeadais inmheánach an Údaráis a éascú.

De thairbhe mhéid na heagraíochta agus líon na foirne fostaithe, d'fhostaigh an tÚdarás comhlacht cuntasáíochta seachtrach chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu ar son an Údaráis agus chun meicníocht airgeadais tuairiscithe mhíosúil a dhéanamh ar bhainistíocht na gcuntas go ginearálta agus na buiséid san áireamh.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú iniúchadh inmheánach den Údarás agus a ghnó i nDeireadh Fómhair, 2004. Fostaíodh comhairleoirí seachtracha chun an anailís seo a dhéanamh, a raibh rannpháirtíocht iomlán Chomhaltaí agus fhoireann an Údaráis ann chun rioscaí a aimsiú agus a chur in ord tosaíochta. Chinntigh an tuarascáil iniúchta inmheánach eisithe ag na comhairleoirí nár aimsigh siad láigí tromchúiseacha san eagraíocht agus go raibh córas rialaithe airgeadais inmheánach éifeachtach ag an Údarás.

Dearbhaím go ndearna Baill an Údaráis athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm in 2004, ag cruinniú in Eanáir, 2005.

Sínithe thar ceann Chomhaltaí an Údaráis



**An tOllamh Alastair Wood**  
*Cathaoirleach, An tÚdarás Árachas Sláinte*

14 Meitheamh, 2005

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

De réir Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, tá riachtanas ar Chomhaltaí an Údaráis ráitis airgeadais a ullmhú ar chaoi a gceadóidh an tAire Sláinte agus Leanaí tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Is gá don Údarás, agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais úd:

- Polasaithe cuntasaióchta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- Cur in iúl cé acu ar leanadh caighdeáin cuntasaióchta nó nár leanadh, faoi réir imeacht suntasach a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar ghnóthas leantach ach nuair nach bhfuil sé cuí le déanamh go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá freagracht ar an Údarás as leabhair chuntas chúí a choinneáil, a nochtann ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith seasamh airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas le cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAlt 32(2) den Acht. Tá freagracht ar an Údarás chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus chun céimeanna réasúnta a thabhairt chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.



**An tOllamh Alastair Wood**  
Cathaoirleach

14 Meitheamh, 2005



**An tUasal Aidan O'Donnell**  
Comhalta

## Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta

Is iad a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha ar glacadh leo sna ráitis airgeadais:

### Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta ginearálta agus faoin choinbhinsiún costais stairiúil agus comhlíonann siad na caighdeáin tuairiscithe airgeadais den Bhord um Chaighdeáin Cuntasaíochta.

### Ioncam Cánach

Léiríonn an t-ioncam cánach an tsuim measta ag an Údarás bheith inbhailithe sa tréimhse. Cuireann sé san áireamh íocaíochtaí tugtha don Údarás de réir Achtanna Árachas Sláinte, 1994-2003 agus déantar a réasúnta atá an figiúr seo a sheiceáil leis an ioncam cánach lena mbeifear ag súil bunaithe ar phróifíl an Údaráis ar scéimeanna árachas sláinte príobháideach.

### Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe de réir mar a thabhaítear é.

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Maítear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas lúide dímheas carnach. Áirítear an dímheas, a ghearrtar ar an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, chun costais na sócmhainní seasta a dhíscriobh thar a saol úsáideach measta, faoi mhodh na líne díri ar ráta bliantúil ar  $33\frac{1}{3}\%$  do threalamh ríomhaireachta agus 20% do gach sócmhainn eile ón dáta a fhaightear é.

### Airgeadraí Eachtrannacha

Déantar idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtrannacha a mhalartú go heuro le linn na bliana agus áirítear iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Déantar sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta a dhéantar in airgeadraí eachtrannacha a mhalartú go heuro ar rátaí malairte ar rialú ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóthachain agus caillteanas leis an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

### Aoisliúntas

De réir Alt 28 den Acht Árachas Sláinte, 1994, is féidir leis an Údarás, le cead an Aire Sláinte agus Leanaí agus an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú ar bhaill foirne an Údaráis. Tá an tÚdarás ag teacht chun an socrú deireanach a dhéanamh faoin gcineál sin scéime i gcomhar leis an dá Roinn agus tá sé ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail coinnithe ag an Údarás, ach nach n-aithnítear mar ioncam iad. Tá an tÚdarás ag soláthar do ranníocaíochtaí fostóirí don Scéim freisin. Ar mhaithe le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, is é barúil an Údaráis gurb í atá sa scéim scéim ranníocaíochta sainmhínithe agus, mar sin de, níl gá ann chun forálacha CTA 17, ag déileáil le scéimeanna buntáiste, a chomhlíonadh.

### Cúlchiste Ginearálta

Ina ról mar rialtóir agus comhairle Mhargadh Árachas Sláinte na hÉireann forbraíonn an tÚdarás, an fhéidearthacht le costais bhreise a éiríonn ó méaduithe cúinsí eisceachtúla. Táthar ag súil go n-íocfaidh an Cúlchiste Ginearálta as dliteanas ar bith a éiríonn as an teagmhas seo.

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2004

	Nótaí	12 mhí dar críoch 31 Nollaig, 2004 €	12 mhí dar críoch 31 Nollaig, 2003 €
Ioncam	1	1,485,628	1,369,469
Costais Riaracháin	2	(1,174,390)	(1,128,953)
<b>Ioncam iomarcach thar chaiteachas</b>		311,238	240,516
Ús Infhaighte		19,746	13,192
Deontas Bunaíochta	8	507,895	–
<b>Barrachais don tréimhse</b>		<b>838,879</b>	<b>253,708</b>
Barrachas Carnach ag tús na Tréimhse		287,609	283,901
Aistriú chuig Cúlchiste Ginearálta	9	(557,895)	(250,000)
<b>Barrachas Carnach ag deireadh tréimhse</b>		<b>568,593</b>	<b>287,609</b>

Níl gnóthachain nó caillteanais aitheanta ann, ach iad siúd lenar déileáladh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.



**An tOllamh Alastair Wood**  
Cathaoirleach

14 Meitheamh, 2005



**An tUasal Aidan O'Donnell**  
Comhalta

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais atá an Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 12.

**Clár Comhardaithe**

ag 31 Nollaig, 2004

	Nótaí	2004 €	2003 €
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	4	129,353	201,893
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Banc agus Airgead tirim		1,485,252	984,479
Aisíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	5	383,677	367,636
		1,868,929	1,352,115
<b>Creidmheastóirí (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)</b>			
Creidmheastóirí agus fabhrúithe	6	(371,794)	(258,504)
<b>Sócmhainní reatha glana</b>			
		1,497,135	1,093,611
<b>Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha</b>			
		1,626,488	1,295,504
<b>Creidmheastóirí (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)</b>			
	8	–	(507,895)
<b>Sócmhainní glana</b>			
		<b>1,626,488</b>	<b>787,609</b>
<b>A sheasann do</b>			
Ioncam iomarcach carnach thar chaiteachas	9	568,593	287,609
Cúlchiste Ginearálta		1,057,895	500,000
		<b>1,626,488</b>	<b>787,609</b>



**An tOllamh Alastair Wood**  
Cathaoirleach

14 Meitheamh, 2005



**An tUasal Aidan O'Donnell**  
Comhalta

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais atá an Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 12.



## Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 1. Ioncam Cánach

Socraítear le hAlt 17 den Acht Árachas Sláinte, 1994 íocaíocht ioncam cánach trí ghnóthas cláraithe don Údarás gach ráithe. Leagann Rialacháin Chánach, 2001, an tAcht Árachas Sláinte, 1994 (Alt 17) an ráta iarbhír don ioncam cánach ar 0.14% de phrémheanna bunárachas sláinte íoctha do gach gnóthas cláraithe agus srianta in Éirinn.

### 2. Costais Riaracháin

	2004 €	2003 €
Costais tuarastal agus foirne (oiliúint san áireamh)	507,740	455,293
Luach saothair Chomhaltaí	27,936	27,935
Cíos, Táillí Seirbhísí agus Cothabháil	174,961	141,232
Costais earcaíochta	5,964	6,325
Sainchomhairliúchán (Nóta 3)	229,545	295,063
Árachas	46,060	55,057
Costais Ríomhaireachta agus Stáiseanóireachta	16,978	27,041
Costais Eile Riaracháin	50,291	32,310
Leasa Tomhaltóirí	26,361	–
Iníúchadh	6,600	4,250
Dímheas	81,954	84,447
	<b>1,174,390</b>	<b>1,128,953</b>

### 3. Costais Sainchomhairliúcháin

	2004 €	2003 €
Cuntasaíocht	37,237	45,353
Seirbhísí Achtúireacha	44,376	28,372
Seirbhísí Dleathacha	103,953	66,845
Caidrimh Phoiblí	41,191	32,308
Taighde	(861)	119,685
Aoisliúntas	756	2,500
Seirbhísí Aistriúcháin	2,893	–
	<b>229,545</b>	<b>295,063</b>

## Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaire €	Feistiú Oifige, Trosacán & Trealamh €	an tIomlán €
<b>Costas</b>			
Ag 31 Nollaig, 2003	59,184	326,634	385,818
Íocaíochtaí breise le linn na tréimhse	9,324	90	9,414
<b>Ag 31 Nollaig, 2004</b>	<b>68,508</b>	<b>326,724</b>	<b>395,232</b>
<b>Dímheas</b>			
Ag 31 Nollaig, 2003	38,428	145,497	183,925
Táille don tréimhse	15,535	66,419	81,954
<b>Ag 31 Nollaig, 2004</b>	<b>53,963</b>	<b>211,916</b>	<b>265,879</b>
<b>Luach Leabhair Glan</b>			
Ag 31 Nollaig, 2004	14,545	114,808	129,353
Ag 31 Nollaig, 2003	20,756	181,137	201,893

### 5. Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe

	2004 €	2003 €
Ioncam fabhraithe	343,970	354,674
Aisiocaíochtaí	39,707	12,962
	<b>383,677</b>	<b>367,636</b>

### 6. Creidmheastóirí (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2004 €	2003 €
Creidmheastóirí trádála agus fabhraithe	178,808	130,187
Foráil pinsean (Nóta 7)	172,886	108,950
PAYE/PRSI	12,948	3,805
Seirbhísí Gairmiúla le Cáin Shiarchoinneálach	4,075	15,562
Cánachas Breisluacha	3,077	–
	<b>371,794</b>	<b>258,504</b>

## Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 7. Foráil Pinsean

Tá an tÚdarás ag teacht chun an socrú deireanach a dhéanamh faoi scéim sochair pinsin dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí agus ceadaithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí agus táthar ag fanacht ar an Aire Airgeadais. Tá ranníocaíochtaí iníoctha, ranníocaíochtaí an fhostóra san áireamh, ar ráta de 16.666% de phá inphinsin agus gearrtar iad den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá na méideanna a leanas san áireamh sa cheanteideal, "Tuarastail agus Costais Foirne (oiliúint san áireamh)" (Nóta 2):

	2004 €	2003 €
Ag tús na tréimhse	108,950	37,206
Ranníocaíochtaí Fostaí	17,210	14,455
Ranníocaíochtaí Fostóra	51,905	44,252
<b>An tIomlán</b>	<b>178,065</b>	<b>95,913</b>
Fabhraithe d'fhoireann bhuan do 2003	–	–
Ganníocaíocht ghlan de Ranníocaíochtaí 2003	(1,094)	–
Aisíocaíocht Ranníocaíochtaí	(8,233)	(2,024)
Aistriú isteach chuig Foráil Pinsean	6,708	15,061
Aisíoc Dlite	(2,560)	–
<b>Ag deireadh tréimhse</b>	<b>172,886</b>	<b>108,950</b>

### 8. Creidmheastóirí (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)

	2004 €	2003 €
An Roinn Sláinte agus Leanaí	–	507,895

Is féidir leis an Aire Sláinte agus Leanaí, le cead an Aire Airgeadais, airgead a chur ar aghaidh chuig an Údarás ar mhaithe le caiteachas ag an Údarás i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. Rinneadh airleacan inaisíocta de €507,895 don Údarás do chostais bhunaithe agus níor cuireadh dualgas orthu seo a aisíoc. Aistríodh an méid seo chuig an Chúlchiste Ginearálta.

## Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 9. Barrachas Carnach ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2004 €	2003 €
Ag tús na tréimhse	287,609	283,901
Barrachas don tréimhse	838,879	253,708
	1,126,488	537,609
Aistriú chuig Cúlchiste Ginearálta	(557,895)	(250,000)
Barrachas coinnithe	<b>568,593</b>	<b>287,609</b>

### 10. Gealltanais Chaipitil

Níl gealltanais chaipitil do chaiteachas caipitiúil ag 31 Nollaig, 2004.

### 11. Dlíteanais Theagmhasacha

Ní raibh dlíteanais teagmhasacha ag 31 Nollaig, 2004.

### 12. Ceadú Ráitis Airgeadais

Cheadaigh Comhaltaí an Údaráis na Ráitis Airgeadais ar 14 Meitheamh, 2005.

## Aguisín A

Tábla 1:  
Staitisticí Bainteacha le Margadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn

Deireadh Ráithe	31-Nollaig-01	31-Nollaig-02	31-Nollaig-03	31-Nollaig-04
<b>Comhaltas (1)</b>				
Iomlán Daoine Árachaithe (000)	1,871	1,941	1,999	2,054
Árachas Sláinte Príobháideach Mar % den Daonra Iomlán (2)	48.2%	49.2%	49.8%	50.4%
<b>Préimh-Ioncaim</b>	2001 (3)	2002	2003	2004
Préimh-Ioncaim san Iomlán (€m)	537.4	821.9	978.2	1,061.1

- (1) Baineann gach uile fhiigiúr le margadh iomlán sláinte árachas príobháideach, .i. gnóthais chláráithe agus shrianta.
- (2) Tá fiigiúirí Daonra Iomlán bunaithe ar mheastachan daonra CSO agus ar idirshliocht/eachtarshliocht.
- (3) Baineann péimh-fhiigiúirí do 2001leis an tréimhse Aibreán-Nollaig amháin.

## **Aguisín B**

### **An Clár Gnóthais Sochair Sláinte (ag 31 Nollaig, 2004)**

#### **Gnóthais Tráchtála**

1. BUPA Insurance Limited
2. The Voluntary Health Insurance Board
3. VIVAS Insurance Limited

#### **Gnóthais Srianta**

1. C.I.E Clerical Staff Hospital Fund
2. ESB Marina Staff Medical Provident Fund
3. ESB Staff Medical Provident Fund
4. Gallaher (Dublin) Limited Medical Benefits Society
5. Health Shield Friendly Society Limited
6. Irish Life Assurance Plc Outdoor Staff Benevolent Fund
7. Irish Life Medical Aid Society
8. Motorola Medical Aid Society
9. New Ireland/Irish National Staff Benevolent Fund
10. Prison Officers Medical Aid Society
11. Royal & SunAlliance (Republic of Ireland) Staff Medical Expenses Scheme
12. St Paul's Garda Medical Aid Society
13. The Goulding Voluntary Medical Scheme
14. Xilinx Ireland Medical Benefits Society